An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Pheadair Naofa
Cnoc an tSamhraidh, Loch Garman
Uimhir Rolla: 63650U

Dáta na cigireachta: 14 Nollaig 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta(í) na cigireachta	13 & 14 Nollaig 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 9 dtréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh an-mhaith ar fad i dtromlach na gceachtanna; is gá iarracht níos fearr a dhéanamh i gcásanna eile chun úsáid an aistriúcháin a sheachaint.
- Cé gur baineadh úsáid éifeachtach as obair bheirte, obair ghrúpa agus cluichí i ranganna áirithe chun deiseanna cumarsáide sa sprioctheanga a sholáthar do scoláirí, is gá an deachleachtas sin a leathnú chuig na ranganna go léir.
- Baineadh úsáid as réimse acmhainní teagaisc, teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) san áireamh le linn roinnt ceachtanna Gaeilge ach d'fhéadfaí breis acmhainní a úsáid i gcásanna áirithe.
- Moltar an úsáid a baineadh as modhanna éagsúla chun scileanna cumarsáide na scoláirí a thaifeadadh i gcás cúpla ceacht a breathnaíodh.
- Tugadh an aird chuí ar mhúineadh na gramadaí i gcásanna áirithe a breathnaíodh agus moltar na cur chuigí ar baineadh úsáid astu.
- Tugadh suntas don atmaisféár maith oibre a bhí i réim sna ranganna go léir a breathnaíodh.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Is gá stráitéisí cumarsáide a úsáid go rialta sna ranganna go léir chun deiseanna cainte sa sprioctheanga a sholáthar do scoláirí.
- Moltar go dtabharfaí níos mó nótaí agus ábhair thacaíochta eile do scoláirí agus go mbainfí níos mó úsáide as ábhar ar fhallaí na seomraí ranga chun tacú le forbairt na litearthachta sa Ghaeilge.
- Moltar go ndéanfaí scileanna cumarsáide na scoláirí a mheas go foirmeálta ón gcéad bhliain ar aghaidh.
- Is gá an plean do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge a fhorbairt ionas go mbeadh plean cuimsitheach ar fáil do mhúineadh na teanga, an Idirbhliain san áireamh.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do bhuachaillí is ea Coláiste Pheadair Naofa. Tá rollúchán reatha de 705 scoláirí ag an scoil agus cuirtear réimse cláracha ar fáil lena n-áirítear an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Bhunaithe agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chaidrimh agus mhúinte an-mhaith i bhformhór na ranganna a breathnaíodh. Tá claonadh ann i líon beag cásanna, áfach, úsáid a bhaint as an aistriúchán ó Ghaeilge go Béarla nuair nach bhfuil aon ghá leis. Moltar do roinn na Gaeilge polasaí a aontú ina leith seo agus roinnt plé a dhéanamh ar straitéisí eile chun tuiscint scoláirí ar ábhar an cheachta a chinntiú..
- Bhí obair ghrúpa agus obair bheirte le feiceáil i roinnt ranganna a breathnaíodh áit ar chuireadh go mór le féinmhuinín na scoláirí i labhairt na teanga agus lena gcuid spéise sa bhfoghlaim. Is gá úsáid na straitéisí cumarsáide seo a leathnú chuig na ranganna agus na leibhéil go léir chun deis a thabhairt do scoláirí úsáid fheidhmiúil a bhaint as an méid a fhoghlaimíonn siad sa rang. Baineadh úsáid éifeachtach freisin as cluiche i gcás amháin chun foghlaim na scoláirí a dhaingniú.
- Baineadh úsáid thar a bheith éifeachtach as TFC i roinnt ranganna a breathnaíodh agus moltar obair na múinteoirí ina leith seo. Moltar go bpléifí bealaí inar féidir TFC a úsáid go tráthrialta sa seomra ranga Gaeilge chun cur le spéis na scoláirí sa teanga agus chun tacú lena gcuid foghlama.
- Tugadh suntas don bhealach inar baineadh úsáid chliste as gutháin siúil agus gléasanna eile chun obair ó bhéil na scoláirí a thaifead agus a cheartú. Chuir a n-úsáid go mór le rannpháirtíocht agus le spéis na scoláirí sa bhfoghlaim. Moltar go leathnófaí na cleachtais seo chuig na ranganna Gaeilge eile chomh maith. D'fhéadfaí cur le hilghnéitheacht na n-áiseanna a mbaintear úsáid astu sna ranganna trí úsáid a bhaint as ceol, podchraoltaí, irisí, póstaeir, grianghriaf, na meáin chumarsáide, scannáin, cláracha teilifíse agus aon ábhar eile a bheadh tarraingteach do scoláirí agus a chuirfeadh lena gcuid spéise sa teanga.
- Múineadh gnéithe de ghramadach na Gaeilge ar bhealaí an-chliste i gcúpla cás agus moltar na cur chuigí a úsáideadh. Ní mór áfach, botúin ghramadaí na scoláirí a thaifead agus a cheartú ar bhonn níos rialta gan cur as d'fhéinmhuinín na scoláirí. Moltar freisin úsáid rialta a bhaint as an athrá le cinntiú gur féidir le scoláirí focail agus frasaí nua a rá agus a fhuaimniú i gceart. Cuireann an bhéim bhreise seo ar an bhfoghraíocht le muinín na scoláirí i labhairt na teanga i gcoitinne.
- D'éirigh le múinteoirí na scoláirí a spreagadh chun oibre sna ceachtanna go léir a breathnaíodh agus bhí atmaisféar iontach oibre le sonrú i gcoitinne.
- Bhí méid áirithe ábhar bainteach le múineadh agus foghlaim na Gaeilge in airde i gcuid de na seomraí ranga. D'fhéadfaí cur leis seo agus moltar go mbainfí úsáid rialta as an ábhar seo chun tacú le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta sa Ghaeilge.
- Tugadh nótaí cuimsitheacha do scoláirí i ranganna áirithe agus moltar obair na múinteoirí ina leith seo. D'fhéadfaí an cleachtas seo a leathnú chuig na ranganna Gaeilge go léir chun tacú le forbairt na litearthachta agus chun gearradh siar ar an méid ama a chaitear ag cóipeáil ábhar síos ón gclár bán.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Cuirtear ceithre thréimhse sa tseachtain ar fáil don Ghaeilge sa tsraith shóisearach. Dhá thréimhse sa tseachtain a bhíonn ann don Idirbhliain agus cúig thréimhse sa tseachtain don chúigiú agus don séú bliain. Moltar go gcuirfí tréimhse bhreise ar fáil don Idirbhliain agus do cheann amháin, ar a laghad, de na bliainghrúpaí sa tsraith shóisearach.
- Déantar iarrachtaí áirithe sa scoil taithí na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo a leathnú agus a fhorbairt trí Sheachtain na Gaeilge a cheiliúradh. Tá áiteanna ar leith ainmnithe sa scoil inar féidir le scoláirí Gaeilge a labhairt. Freastalaíonn líon maith scoláirí ar Choláiste Gaeilge cónaithe áitiúil sa samhradh. Moltar do roinn na Gaeilge clár níos cuimsithí eischuraclaim agus comhchuraclaim a chur le chéile don scoilbhliain go léir d'fhonn deiseanna eile cumarsáide sa sprioctheanga a thabhairt do scoláirí.
- Cuirtear scrúduithe béil ar na ranganna sa tsraith shinsearach sa scoil faoi láthair. Moltar go ndéanfaí scileanna cumarsáide na scoláirí a mheas ón gcéad bhliain ar aghaidh agus go gcuirfí toradh na measúnaithe sin ar fáil do thuismitheoirí mar mharc ann féin sna tuairiscí scoile.
- Freastalaíonn na múinteoirí ar na cúrsaí de chuid na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge agus bhí rian na gcúrsaí sin le feiceáil i gcuid de na ranganna a breathnaíodh.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Ainmnítear duine de na múinteoirí Gaeilge le feidhmiú mar chomhordaitheoir ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na teanga gach re bliain. Tagann na múinteoirí le chéile uair sa téarma nó mar sin agus tuairiscíodh go bhfuil leibhéal comhoibrithe an-ard eatarthu.
- Tá méid áirithe oibre déanta go dtí seo ar chúrsaí pleanála don Ghaeilge. Moltar anois go ndéanfaí an plean a fhorbairt. Ba cheart go gcuirfí scéimeanna oibre comhtháite le chéile a chuimseodh na nithe seo a leanas: topaicí nó téamaí, modhanna múinte, áiseanna agus acmhainní lena n-áirítear TFC, spriocanna foghlama, forbairt na litearthachta agus modhanna measúnaithe. Ní mór plean cuimsitheach spreagúil spéisiúil a chur le chéile do mhúineadh na Gaeilge san Idirbhliain.
- Tá líon na scoláirí a thógann an ardleibhéal sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit go maith agus moltar iarrachtaí na múinteoirí na scoláirí a spreagadh le fanacht i mbun an ardleibhéil. Bhí caighdeán Gaeilge an-ard ag cuid de na scoláirí a breathnaíodh le linn na cigireachta.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Foilsíthe Bealtaine 2012.